Cairde na Scoile Nuachtlitir

04-06-2015

A thuismitheoirí, a chairde,

D'éirigh linn ***€614.48 a bhailiú go dáta ó Lá na nGeansaithe*** *- Go raibh míle maith agaibh! Bhí sé iontach na páistí agus an fhoireann a fheiceáil ag caitheamh a ngeansaithe spóirt. Míle buíochas do Bhanc na hÉireann a thacaigh leis an lá. Seans amháin eile an €2 a sheoladh isteach amárach roimh an tarraingt ar an Aoine, an 5-06-15!*

Ár mbuíochas le gach duine a ghlac páirt sa ***Rith Spraoi do GSBB*** *an Satharn seo caite i Mullach Íde. Bhain siad an-sult as. Ár mbuíochas le gach éinne a tháinig chun tacaíocht a thabhairt ar an lá. (Ná déanaigí dearmad, le bhur dtoil, na cártaí urraíochta a fhágáil le Linda san oifig.)*

Beidh an ***tSiúlóid Bhliantúil*** *ag dul ar aghaidh ar an* ***Domhnach, an 07-06-15****, ag tosnú amach i gcarrchlós CLG Fhine Ghallainn ag 2.00i.n. 'Sé téama na siúlóide seo ná Caraictéir na Scannáin agus na gCartún. Beidh crannchur le duaiseanna(Pasanna d'Fheirm Woolwards, Ionad Spraoi PJ agus seastán ealaíne le canbhás agus spórt is spraoi ar an lá. Tá na cártaí urraíochta seolta abhaile sna málaí. Tógaigí picnic libh agus bainigí sult as an lá.*

Beidh an chéad ***bhailiúchán éadaí*** *eile ar siúl idir an* ***8ú – 12ú Meitheamh****. D'éirigh linn €1000 a bhailiú don scoil go dtí seo. Glacfaidh Bag2School le fóin, ceamraí digiteacha agus taibléidí, bíodh siad ag obair nó ná bíodh. Cuir ar leataobh iad i mbosca eile agus gheobhaidh an scoil €1 ar a laghad ar gach ceann. Seo an bailiúchán deireannach i mbliana agus mar is gháth, tá málaí ar fáil ón oifig. Tá cead málaí eile a úsáid.*

Feicimid sibh ag an Siúlóid Dé Domhnaigh!

Go Raibh Míle Maith Agaibh.

Cairde na Scoile